Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 20 Meán Fómhair 2023**
**(OR. en)**

**13181/23**

**CONSOM 321**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | Tuarascáil ó Fhóram Ibéir-Mheiriceánach na nGníomhaireachtaí Rialtais um Chosaint Tomhaltóirí (Maidrid, an 13 go dtí an 14 Meán Fómhair 2023)<br>- *Faisnéis ón Uachtaránacht* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo nóta faisnéise ón Uachtaránacht maidir leis an Tuarascáil ó Fhóram Ibéir-Mheiriceánach na nGníomhaireachtaí Rialtais um Chosaint Tomhaltóirí a tionóladh i Maidrid an 13 go dtí an 14 Meán Fómhair 2023 mar ullmhúchán don mhír faoi aon ghnó eile ag cruinniú na Comhairle Iomaíochais an 25 Meán Fómhair 2023.

## IARSCRÍBHINN

Faoi chuimsiú Uachtaránacht na Spáinne ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh le linn an dara leath de 2023, thionóil an Coimisiún Eorpach agus Fóram Ibéir-Mheiriceánach na nGníomhaireachtaí Rialtais um Chosaint Tomhaltóirí Fóram Beartas Tomhaltóirí i Maidrid an 14 Meán Fómhair 2023, agus é mar aidhm leis sin cosaint chearta tomhaltóirí a chur chun cinn agus an comhar idir an dá réigiún a neartú, agus aird ar leith á tabhairt ar chaidreamh tomhaltóirí sa timpeallacht dhigiteach.

Leag rannpháirtithe an Fhóraim béim ar a thábhachtaí atá sé feabhas a chur ar an gcomhar iltaobhach maidir le gnóthaí tomhaltóirí mar réamhriachtanas ríthábhachtach chun cosaint agus sábháilteacht tomhaltóirí a fheabhsú ar fud an domhain; na dúshláin agus na deacrachtaí a bhíonn os comhair tomhaltóirí agus iad ag dul i ngleic le cleachtais tráchtála atá ag éirí níos domhanda agus níos sofaisticiúla, mar a fheictear sa tomhaltas ar líne iad; agus na dúshláin choiteanna a bhíonn roimh údaráis tomhaltóirí san Aontas Eorpach agus i Meiriceá Laidineach agus cosaint chearta tomhaltóirí á háirithiú.

Seo a leanas na príomhchonclúidí a d'eascair ón bhFóram sin:

1. Gné bhunúsach den fhorbairt eacnamaíoch inbhuanaithe agus den fhorbairt shóisialta inbhuanaithe inár réigiúin faoi seach é cearta tomhaltóirí a chosaint. Is gá do na hinstitiúidí dá bhrí sin beartais agus gníomhaíochtaí a chur chun cinn lena gcosnaítear cearta agus leas tomhaltóirí, agus na comhthéacsanna éagsúla ina ndéantar gníomhaíochtaí tomhaltóirí á gcur san áireamh.

2. Chuige sin, is gá rochtain chomhionann ar thomhaltas a chur chun cinn, agus aithnímid, dá bhrí sin, a thábhachtaí atá sé a áirithiú go mbeidh rochtain chomhionann ag tomhaltóirí leochaileacha ar na hearraí agus ar na seirbhísí bunúsacha is gá dá gcáilíocht saoil. Fágann sé sin gur gá oibriú, sa réimse poiblí agus sa réimse príobháideach araon, chun deireadh a chur le bacainní eacnamaíocha, fisiceacha agus sóisialta a d’fhéadfadh bac a chur ar an rochtain atá acu ar na hearraí agus ar na seirbhísí sin chomh maith le feidhmiú iomlán a gceart, agus aird ar leith á tabhairt ar an deighilt dhigiteach.

3. Tá sé ríthábhachtach oideachas agus feasacht tomhaltóirí a chur chun cinn mar uirlisí bunúsacha chun saoránaigh a chumhachtú agus chun idirbhearta tráchtála atá cóir, cothrom agus inbhuanaithe a áirithiú, go háirithe maidir le leanaí.

4. Dá bhrí sin, agus comhthéacs na géarchéime domhanda éiceolaíochta á chur san áireamh mar aon le leas méadaitheach na dtomhaltóirí maidir le rannchuidiú go pearsanta le haeráidneodracht a bhaint amach, ní mór tomhaltas freagrach agus inbhuanaithe a bheith mar thosaíocht ag gníomhaíocht institiúideach maidir le saincheisteanna tomhaltóirí, ionas go dtabharfaidh cuideachtaí faoi na hathruithe is gá agus gur féidir le tomhaltóirí cinntí eolasacha a dhéanamh agus tionchair chomhshaoil a roghanna tomhaltais á gcur san áireamh.

5. Ba cheart cosaint tomhaltóirí a dhíriú freisin ar chosaint i gcoinne cleachtais ghnéasaíocha, go háirithe i réimsí lena n-áirítear fógraíocht, atá idirdhealaitheach agus a bhuanaíonn steiréitíopaí inscne, a mbíonn tionchar diúltach acu ar dhaoine, lena mbaintear an bonn dá ndínit agus dá gcearta.

6. Tá gá le sábháilteacht na n-earraí agus na seirbhísí a thairgtear ar an margadh a ráthú, mar aon le sonraí pearsanta tomhaltóirí a chosaint, agus is iomchuí, dá bhrí sin, an comhar maidir le maoirseacht a neartú chun ardchaighdeáin cháilíochta agus sábháilteachta a ráthú, chomh maith le príobháideachas tomhaltóirí a chosaint.

7. Tá sásraí réitigh coinbhleachta agus rochtain ar cheartas do thomhaltóirí thar a bheith tábhachtach. Dá bhrí sin, ní mór dúinn a bheith ag obair linn chun taithí a roinnt a bhaineann le héifeachtúlacht agus éifeachtacht na sásraí sin, lena n-áirítear an idirghabháil agus an eadráin a chur chun cinn mar mhodhanna malartacha um réiteach díospóide.

8. Tá géarghá leis an gcomhar idirnáisiúnta maidir le cosaint tomhaltóirí anois agus an domhandú i réim sa saol. Ós rud é gur dúshláin thrasnáisiúnta iad cuid mhaith de na dúshláin atá romhainn agus go bhfuil roinnt fadhbanna rómhór agus róchasta le réiteach ar leibhéal tíre aonair, tá comhar idir an tAontas Eorpach agus stáit agus eagraíochtaí i réigiúin eile cosúil le Meiriceá Laidineach ríthábhachtach. Is minic an reachtaíocht Eorpach ag fónamh mar thagairt agus is minic freisin í ina ceann feadhna, ach is féidir leis an Aontas foghlaim chomh maith céanna ó thaithí na réigiún eile sin. Is féidir le malartú dea-chleachtas, taithí, agus eolais idir an tAontas Eorpach agus Meiriceá Laidineach a bheith an-torthúil, go háirithe maidir le cleachtais tráchtála nua agus gníomhaithe nua margaidh a dteastaíonn aird níos mó orthu mar gheall ar a nádúr suaiteach.

9. Imríonn údaráis agus gníomhaireachtaí tomhaltóirí de chuid an Rialtais ról lárnach i gcur i bhfeidhm agus i bhforfheidhmiú beartas cosanta tomhaltóirí. Tá sé ríthábhachtach go mbeidh siad neamhspleách agus go mbeidh an cumas agus na hacmhainní acu chun a bhfeidhmeanna a chur i gcrích go héifeachtach.

10. Tá an comhar idir an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach maidir le cearta tomhaltóirí a chosaint an-tábhachtach. Tá gá le hidirphlé agus comhoibriú le geallsealbhóirí ábhartha sa réimse sin, lena n-áirítear tionscal, eagraíochtaí tomhaltóirí agus príomhghníomhaithe eile, chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin atá ag teacht aníos agus chun réitigh chomhpháirteacha a chur chun cinn.